IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 370 de 2006

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre (Smacht ar Thonnchrith san Láthair Oibre) 2006

FOILSITHE AG AN OIFIG STÁTSEANÓIREACHTA
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ó
OIFIG DHÍOLACHÁN FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MHOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2
Nó trí ordú poist ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, RANNÓG TRÁDÁLA POIST,
51, FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Fón: 01-6476834/35/37; Glao íseal 1890 213434; Macasamhail: 01 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar

(Prn. A6/1163) Praghas: €3.05

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA
I.R. Uimh. 370 de 2006
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre (Smacht ar Thonnchrith san Láthair Oibre) 2006

LEAGAN AMACH NA RIALÚCHÁN

Rialúchán

1. Lua agus Tosach.

2. Míniúchán.

3. Cur i bhfeidhm.

4. Luacha Theorann Nochtadh agus Luacha Ghnímh.

5. Aithint agus Measúnacht Riosca.

6. Forála dírithe ar Nochtadh a Laghdú nó ar iad a Sheachaint ar fad.

7. Eolas do Fhostaithe agus Traenáil.

8. Faire ar Shláinte.

9. Idir Thréimhse.

10. Díolúine.

Sceideal
Cuid 1: Tonnchrith, Lámh-Uillinn
Cuid 2: Tonnchrith Corp

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 370 de 2006
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre (Smacht ar Thonnchrith san Láthair Oibre) 2006

Deinim-se, Tony Killeen, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus mé ag cur i bhfeidhm na gcumhacht tugtha dom ag roinn 58 de Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005) agus ag Ordú 2005 (I.R. Uimh. 316 de 2005) de chuid Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta (Feidhmeanna an Aire a Thiomnú), agus tuilleadh éifeachta a thabhairt do Threoir 2002/44/PE de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle 25ú Meitheamh 2002[1], tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, na rialúcháin seo a leanas:

Lua agus Tosach

1. Is féidir na Rialúcháin seo a lua mar Rialúcháin 2006, sábháilteacht, sláinte agus leas san láthair oibre (smacht ar Thonnchrith san láthair oibre), do réir na h-idir thréimhsí i Rialúchán a 9, tiocfaidh siad, i bhfeidhm chomh luath agus a déantar iad.

Míniúchán

2 (1) Ins na Rialúcháin seo -

Ciallaíonn "Acht", an tAcht 2005 (uimh.10 de 2005) de Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre;

[1] O.J. Uimh. L 177, 6.7.2002, l. 13

Ciallaíonn " Údarás", an tÚdaras Sláinte agus Sábháilteachta mar atá i gCuid a 5 den Acht;

Ciallaíonn "treoir", Treoir 2002/44/CE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle 25 Meitheamh 2002[1];

Ciallaíonn "luach gníomhaíochta nochtadh" an leibhéal laethúil nochtadh do fhostaí ar bith, gur rud é, má sháraítear é, go gcaithfear céimeanna cinnte a thógáil chun an Riosca a laghdú;

Ciallaíonn "luach theorann nochtadh" an Leibhéal nochtadh laethúil do fhostaí ar bith, nach ceadaithe a shárú, ach mar atá leagtha amach i Rialúchán 10 (2);

Ciallaíonn "tonnchrith lámh-uillinn" tonnchrith meicniúil, gur rud é, ag dul isteach dó sa chóras lámh-uillinn daonna, go bhfuil rioscaí ag baint leis do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe, in easláintí airithe sna féithe, cnámha nó ailt, inchinn nó matáin;

Ciallaíonn "tonnchrith meicniúil" tonnchrith a tharlaíonn in meaisín d'aon sort nó i trealamh nó i bhfeithicil de bharr é oibriú;

Ciallaíonn "tonnchrith corp-iomlán" an tonnchrith meicniúil, gur rud é, nuair a chuirtear ar aghaidh é isteach sa chorp iomlán, go bhfuil Rioscaí ag baint leis do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe, go háirithe galar easláin in íochtar an droma agus anbhá san chnámh droma.

(2) Aon fhocal nó ráiteas ins na Rialúcháin seo, agus atá sa treoir chomh maith, bíonn an brí céanna leo sna Rialúcháin agus sna Treoir, murar léir go bhfuil a mhalairt i gceist.

Cur i bhfeidhm

3. Beidh na Rialúcháin seo i bhfeidhm i gcás gníomhaíochtaí, ina bhfuil fostaithe nochta do rioscaí nó gur dócha go mbeidh, dá sábháilteacht agus sláinte, de bharr nochta do thonnchrith mheicniúil le linn a gcuid oibre.

Luacha Theorann Nochtadh agus luacha Gníomhaíochta

4 (1) I gcás thonnchrith láimhe-uillinn –

(a) Is é an luach theorann nochta laethúil, caighdeánaithe do thréimhse thagartha ocht n-uaire a chloig, a bheidh in úsáid, ná $5m/s^2$,

(b) Is é an luach ghnímh nochtadh laethúil, caighdeánaithe do thréimhse thagartha ocht n-uaire a chloig, a bheidh in úsáid ná $2.5m/s^{2,}$ agus

(c) Déanfar nochtadh a mheas nó a thomhas ar an mbonn ata leagtha amach i gCuid a 1 den Sceideal.

(2) Do thonnchrith corp-iomlán -

(a) Is é an luach theorann nochtadh laethúil caighdeánaithe do thréimhse thagartha ocht n-uaire a chloig ná 1.15 m/s^2,

(b) Is é an luach ghnímh nochtadh laethúil caighdeánaithe do thréimhse thagartha ocht n-uaire a' chloig ná 0.5 m/s^2, agus

(c) Déanfar nochtadh a mheas nó a thomhas ar an mbonn atá leagtha nó a thomhas ar an mbonn atá leagtha amach i gCuid a 2 den sceideal.

Aithint agus Measúnú Riosca

5. (1) Gan faillí do riachtanais na ranna 19 agus 20 den Acht, mar a bhíonn fostaithe nochta do thonnchrith mheicniúil, déanfaidh an fostóir measúnacht oiriúnach agus sásúil don Riosca ón a leithéid de nochtadh.

(2) Ag obair dó ar an mheasúnú Riosca in alt a (1) déanfaidh fostóir measúnacht ar an nochta do tonnchrith mheicniúil, trí-

(a) breathnú ar mhodhanna oibre ar leith,

(b) tagairt do eolas atá bainteach leis an leibhéal tonnchrith is dóichí, atá cosúil leis an trealamh nó na saghais trealaimh, a úsáideadh i ndálaí oibre áirithe, chomh maith le tagairt do eolas curtha ar fail ag déantóirí an trealaimh, agus

(c) más gá, measúnacht ar mhéid an tonnchrith mheicniúil, go bhfuil baol ann do nochta a f(h)ostóirí agus aon tomhas den sórt sin, déanfar é ar an mbonn leatha amach sa Sceideal.

(3) Beidh freagracht an fhostóra faoin mheasúnacht, luaite in alta (1) agus (2), pleanáilte agus déanta in amanna oiriúnacha.

(4) Tabharfaidh an fostóir aire ar leith, ag déanamh an mheasúnú riosca dó faoin Rialúchán seo, dos na rudaí seo leanas –

(a) an leibhéal, saghas agus faid an nochtadh chomh maith le nochtadh do tonnchrith ó am go ham, nó do shraith geit i ndiaidh a chéile,

(b) na luacha theorann nochtadh agus na luacha gnímh nochta, leagtha síos i Rialúchán a 4,

(c) na torthaí ó nochtadh do thonnchrith ar fhostaithe go bhfuil a sábháilteacht agus sláinte i riosca ar leith ón a leithéid de nochtadh,

(d) aon torthaí indíreacha, ar shábháilteacht nó ar shláinte an fhostaí, de thoradh idirghníomhacha idir tonnchrith mheicniúil an láthair oibre nó trealamh eile oibre,

(e) aon eolas curtha ar fail ag na déantóirí de threalamh oibre, ag dul do réir roinn a 16 den acht,

(f) trealamh breise eile a bheith ar fail agus é deartha chun nochtadh do thonnchrith mheicniúil a laghdú,

(g) leathnú amach ar nochtadh do thonnchrith corp-iomláine thar gnáth uaireanta oibre, faoi chúram an fhostóra,

(h) dálaí oibre faoi leith, mar teocht íseal, agus

(i) eolas oiriúnach, faighte ón fhaire sláinte chomh maith le eolas foilsithe más féidir.

(5) Beidh ar an bhfostóir breacadh síos ins an ráiteas sábháilteachta, atá ullmhuithe i gcomhair le Roinn 20 den Acht –

(a) na torthaí den mheasúnacht riosca, chomh luath in aon chor agus is féidir, tar éis é a dhéanamh, agus

(b) na hiarrachtaí atá déanta aige nó aici chun riachtanais Rialúchán a 6, 7 agus 8 a shásamh.

(6) Caithfear an mheasúnacht agus, más gá, an tomhas luaite in alt a (2) a athbhreithniú in amanna oiriúnacha agus go háirithe, cé acu ar chomhlíonadh ceachtar des coinníollacha leagtha síos i roinn 19(3) agus na h-eangacha (a) agus (b) nó nár chomhlíónadh.

Forála chun Nochtadh a laghdú nó a Sheachaint

6 (1) Ag cur na prionsabail ghinearálta, i Sceideal a 3 don Acht, san áireamh, déanfaidh an fostóir deimhniú de, chomh fada, in aon chor agus is féidir é, an riosca ó nochtadh dá f(h)ostóirí, do thonnchrith mheicniúil, a ghearradh amach ar fad ag an bhfoinse nó é a laghdú go dtí an íos-phointe.

(2) Más léir ón mheasúnú riosca gur sáraíodh luach ghnímh nochtadh, caithfidh an fostóir glacadh leis an ndualgas, nochtadh do thonnchrith mheicniúil a laghdú, agus rioscaí eile máille leis go dtí an íos-phointe faoi alt (1), trí chlár de shlite meicniúla agus eagraithe, a bhunú agus a oibriú, (nó ceachtar acu,) atá oiriúnach don sórt oibre sin agus ar aon dul leis an measúnú riosca ag cur san áireamh i go speisialta -

(a) modhanna oibre eile a laghdaíonn nochtadh do thonnchrith mheicniúil,

(b) An Rogha de threalamh oibre de dhearadh oiriúnach eirgeanamaíochta, a dhéanann an méid is lú tonnchrith is féidir, ag cur san áireamh an sórt oibre atá le déanamh,

(c) trí sholáthar trealamh breise cúnta, a laghdaíonn an Riosca do ghortaithe, ó thonnchrith, mar shuíocháin a laghdaíonn tonnchrith chorp-iomlán go héifeachtach, agus bascrainn a laghdaíonn an tonnchrith curtha ar aghaidh chuig an córas lámh-uillinn,

(d) cláir shásúla chun slacht a choimeád ar threalamh oibre, na láthair oibre, stáisiúin oibre, agus na córais oibre,

(e) an dearadh agus leagan amach des na láthair oibre agus des na stáisiúin oibre,

(f) Go leor eolais agus traenála chun na bhfostóirí a theagasc chun an trealamh oibre d'úsáid i gceart, sábháilte agus gan riosca do shláinte, chun a nochtadh do thonnchrith mheicniúil a laghdú go dtí an íos-phointe,

(g) teorannú den bhfaid agus den déine den nochtadh do thonnchrith mheicniúil,

(h) sceidil oibre oiriúnacha le tréimhsí sosa sásúla, agus

(i) feisteas a chur ar fail chun na hoibrithe atá nochta do fhuacht agus do thaise a chosaint,

(3) Do réir Rialúcháin 9 agus 10 déanfaidh an fostóir deimhin de go –

(a) nach bhfuil a f(h)ostaithe nochta do thonnchrith mheicniúil os cionn an luach theorann nochtadh cuí, agus

(b) ach, in ainneoin na slite tógtha chun na Rialúcháin a chomhlíonadh, tá an luach theorann nochtadh sáraithe, beidh ar sé nó sí, láithreach -

(i) tosú ag obair chun an nochtadh do thonnchrith mheicniúil a laghdú síos níos ísle ná an luach theorann nochtadh,

(ii) faigh amach an chúis gur sáraíodh an teorainn úd, agus

(iii) deisigh na slite teicniúla agus eagraithe tógtha do réir alt a (2) chun nach ndéanfar é a shárú arís.

(4) Déanfaidh an fostóir, a chur in oiriúint aon tslí tógtha do réir na Rialúchán chun freastal ar aon fhostaí ata i riosca faoi leith ó thonnchrith meicniúil.

Eolas don Fhostaí agus Traenáil

7. Gan faillí do ranna 9 agus 10 den acht, mar a tá fostaithe nochta do Riosca ó thonnchrith mheicniúil, caithfidh an fostóir, dóthain eolais, teagaisc agus traenála, oiriúnach, dos na fostaithe sin nó dá ionadaithe sábhála(nó ceachtar díobh) chomh maith le -

(a) na slite teicniúla agus eagraithe tógtha chun na Rialúcháin seo shásamh,

(b) na luacha theorann nochtadh agus na luacha ghnímh nochtadh,

(c) na torthaí ón measúnú riosca agus tomhas den tonnchrith mheicniúil, a déantar do réir Rialúchán a 5 agus an baol ghortaithe ó úsáid an trealamh oibre,

(d) cad ‘na thaobh agus conas comharthaí ghortaithe a aithint agus a thuairisciú,

(e) na tosca agus an chúis leis ina gcuirtear faire sláinte ar fail do fhostaithe, do réir Rialúcháin 8, agus

(f) modhanna oibre sábháilteachta chun nochta do thonnchrith a laghdú.

Faire Sláinte

8. (1) Gan faillí do roinn 22 den Acht, beidh dualgas ar an bhfostóir, deimhin a dhéanamh de, go bhfuil faire sláinte oiriúnach ar fáil, dos na fostaithe úd, gur léirigh measúnú Riosca, Rialúchán a 5, go raibh Riosca dá sláinte, ag cur san áireamh, na fostaithe nochta do thonnchrith meicniúil, os cionn luach ghnímh nochta.

(2) Beifear a súil go gcuirfidh faire sláinte, go gcuirtear a thorthaí san áireamh, agus slite choisc a chur ar bun in áit oibre ar leith, cosc le haon mhí-ordú nó é a aithint go tapaidh, atá gaolta le nochta do thonnchrith mheicniúil agus go nglacfar leis a bheith oiriúnach, nuair –

(a) Is rud chomh mór sin é, fostaí a bheith nochta do thonnchrith mheicniúil, gur féidir a rá go bhfuil tinneas aitheanta nó dochar shláinte eile, gaolta leis an nochta sin,

(b) tá ana sheans gur féidir leis an tinneas nó an toradh tarlú faoi thosca áirithe in a c(h)uid oibre, agus

(c) tá teicnicí tástáilte íos-Riosca, éifeachta ar fáil don fhostaí chun comharthaí tinnis nó an toradh, aithint.

(3) Déanfaidh an fostóir deimhin de, go ndéantar agus go gcoimeádtar, cuntas sláinte, do gach uile dhuine dá f(h)ostaithe, a théann faoi fhaire sláinte, do réir alta a (1) nó (2) agus go mbíonn an cuntas úd, nó coip de le fáil bhfoirm oiriúnach, chun gur féidir teacht air, más gá, níos déanaí

(4) caithfidh an fostóir -

(a) nuair a iarrtar air, cead a thabhairt, do fostaí breathnú ar a c(h)untas pearsanta sláinte

(b) a chur ar fáil don Údarás, cóipeanna des na cuntais sláinte sin, do réir, mar bheidís ag teastáil ón Údarás, agus

(c) má thagann deireadh lena chúrsaí ghnó, é a chur in iúl don Údarás láithreach, i scríbhinn agus a chur ar fáil don Údarás, gach uile chuntas sláinte, atá aige nó aici do réir na Rialúchán seo.

(5) Beidh sé mar dhualgas ar dhochtúir leighis cláraithe , go bhfaigheann fostaí faire sláinte faoin a chúram, do réir an Rialúcháin seo –

(a) cuntas leighis rúnda, aonarach a choimeád le torthaí an fhaire sláinte iniata, agus, dá mbeadh sé ceart go leor, aon scrúdú leighis a déanadh,

(b) deimhin a dhéanamh de, go gcoimeádtar, cuntas mar é nó cóip de , i bhfoirm oiriúnach, ón ndáta inar cuireadh an iontráil deireanach isteach ann,

(c) slite riachtanacha a mholadh, i leith fhostaí ar bith, chun é a chosaint nó a shábháil,

(d) ligint do fhostaí, breathnú ar a c(h)untais fhaire sláinte féin, nuair a lorgaíonn an fostaí sin a leithéid, agus

(e) ligint do dhuine, ainmnithe faoi roinn 63(1) den Acht, breathnú ar chuntais leighis, rúnda, indibhidiúla.

(6) nuair a fhaightear amach go bhfuil tinneas aitheanta nó toradh dochar shláinte, ag fostaí, de bharr fhaire sláinte, do réir an Rialúcháin seo, a tharla i dtuairim an dochtúra leighis cláraithe, ó nochtadh sa láthair oibre do thonnchrith mheicniúil, go n-inseoidh an dochtúir leighis cláraithe, don fhostaí, an toradh a bhaineann leis nó léi, go pearsanta, chomh maith le heolas agus le moltaí i dtaobh, an sórt faire sláinte, gur ceart dó nó dí a fháil, tar éis deireadh an nochtadh, agus n-inseoidh sé don fhostóir, cad é an moladh sin.

(7) I gcás go n-éiríonn gnó as bheith ag trádáil a thuilleadh, beidh sé de dhualgas ar an bhfostóir, aon chuntais sláinte, atá aige, a chur ar fáil don Údarás.

(8) I gcás go bhfaightear amach go bhfuil tinneas aitheanta nó toradh dochar sláinte ag fostaí, de bharr faire sláinte, do réir an Rialúcháin seo, atá i dtuairim an dochtúra leighis cláraithe, de thoradh nochtadh do thonnchrith san láthair oibre, beidh ar an bhfostóir -

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú riosca a déanadh faoi Rialúchán a 5,

(b) athbhreithniú ar na slite ann chun an Riosca a laghdú nó a ghearradh amach ar fad faoi Rialúchán a 6,

(c) a chur san aireamh, moladh an dochtúra leighis cláraithe, no duine eile éifeachtach bainteach leis nó cigire, ag cur i mbun oibre aon slite, riachtanach, chun riosca a laghdú nó a ghearradh amach ar fad, do réir Rialúcháin a 6, chomh maith leis an seans go bhféadfaí an fostaí atá i gceist, a chur i mbun oibre eile, in ait nach bhfuil aon Riosca do thuilleadh nochtadh, agus

(d) Déan ceithre faire sláinte leanúnacha a eagrú, agus déan socraithe chun athbhreithniú ar Stádas shláinte aon fhostaí, a bhí nochta mar an gcéanna, agus cuir san áireamh moltaí an dochtúra leighis cláraithe, no duine éifeachtach bainteach leis, i dtaobh scrúdú leighis eile amach anseo.

Idir Thréimhsí

9. (1) Faoi réir alt a (2), ní bheidh Rialúchán (6)(3) éifeachtach go dtí 6 Iúil 2010, i gcás go n-úsáidtear trealamh oibre -

(a) a cuireadh ar fáil ar dtús do fhostaithe, roimh 6 Iúil 2007 ag an bhfostóir, agus

(b) nach gceadaíonn glacadh leis na luacha theorann nochtadh,

ach, ag úsáid a leithéid de threalamh dó caithfidh an fostóir na forbartha teicniúla is déanaí agus na slite eagraithe, a chur san áireamh, tógtha de réir Rialúchán 6(2).

(2) Ní bheidh Rialúchán 6(3) i bhfeidhm go dtí 6 Iúil 2014, maidir le trealamh oibre, a úsáidtear sna ranna talmhaíochta agus foraoise amháin a -

(a) céad cuireadh ar fail do fhostaithe roimh 6 Iúil 2007 ag an bhfostóir, agus

(b) nach gceadaíonn glacadh leis na luacha theorann,

ach ag úsáid a leithéid de threalamh dó, caithfidh an fostóir a chur san áireamh, na forbairtí teicniúla is déanaí agus na slite eagraithe, tógtha de réir Rialúchán 6(2)

Díolúine

10. (1) Faoi réir ag alta (3) agus (4), is féidir leis an Údarás trí theastas, i scríbhinn, díolúine a thabhairt d'aon duine nó d'aon dream daoine ó rialúchán 6(3) i dtosca córa is cearta, do réir thonnchrith corp-iomlán, ach amháin i gcás iompair farraige agus aeir, in áit nach gceadaíonn na forbairtí teicniúla is déanaí agus na

tréithe speisialta den láthair oibre, glacadh leis an luach theorann nochtadh, in ainneoin na slite teicniúla agus eagraithe a tógadh.

(2) Faoi réir ag alta (3) agus (4), is féidir leis an údarás, trí theastas i scríbhinn, díolúine a thabhairt d'aon duine nó d'aon dream daoine, ón Rialúchán 6(3), mar atá nochtadh, de fhostaí, do thonnchrith meicniúil, níos ísle ná an luach ghnímh nochtadh, ach a athraíonn go mór, ó am go ham agus a fhéadfadh, anois 's arís, an luach theorann nochtadh a shárú, i gcaoi, gur -

(a) an meán do aon nochtadh, do thonnchrith mheicniúil thar thréimhse 40 uair a' chloig in aon tseachtain ar bith níos lú ná an luach theorann nochtadh, agus

(b) go bhfuil fianaise ann, le taispeáint, go bhfuil an riosca on bpatrún dearfa nochtadh, níos lú ná an riosca céanna ó nochtadh leanúnach ag an luach theorann nochtadh.

(3) Ní thabharfaidh an tÚdarás aon díolúine faoin Rialúchán seo, mura

(a) dtéann sé i gcomhairle leis na fostóirí agus na fostaithe i atá i gceist, nó lena n-ionadaithe nó le ceachtar díobh,

(b) gcuireann sé coinníollacha lena leithéid de dhíolúine, ag cur na dtosca speisialta san áireamh, chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil aon Riosca, dá bharr, laghdaithe chomh híseal agus is féidir, agus

(c) go bhfuil na fostaithe i gceist, faoi réir ag faire sláinte sásúil.

(4) Aon díolúine tugtha ag an Údarás, faoin Rialúchán seo, caithfear athbhreithniú a dhéanamh air, gach 4 bliana, ar a laghad, agus déanfar é aisghairm, trí theastas i scríbhinn, am ar bith, chomh luath is nach mbíonn na tosca ba chúis leis, níos faide, i bhfeidhm.

SCEIDEAL

Rialúchán 5

TONNCHRITH LÁMH-UILLINN AGUS TONNCHRITH COIRP-IOMLÁIN

CUID 1

TONNCHRITH LÁMH-UILLINN

1. Measúnú nochtadh

(a) Tá an mheasúnacht den leibhéal nochtadh do thonnchrith lámh-uillinn, bunaithe ar conas a déantar an luach nochtadh laethúil a ríomhadh, gnáthaithe do thréimhse thagartha A(8) ocht n-uaire a ‘chloig ráite mar fréamh-chearnach iomlán des na cearnóga(rms)(luach iomlán) des na luacha luasghéaraithe, meáite- minicíochta, deimhnithe ar aiseanna ortagonalacha a_{hwx}, a_{hwy}, a_{hwz} mar atá leagtha síos i gCaibidil 4 agus 5 agus aguisín A (Eagrúcháin Idirnáisiúnta do Chaighdeánú) caighdeán 5349-1 (2001).

(b) Is féidir an mheasúnacht den leibhéal nochta a dhéanamh, ar bhonn mheastacháin, bunaithe ar eolas tugtha ag na déantóirí, faoin leibhéal astúchan ón dtrealamh oibre a úsáideadh, agus bunaithe ar bheith ag breathnú ar mhodhanna oibre faoi leith nó ar thomhas.

2. Tomhas

Nuair a déantar tomhas de réir Rialúchán 5(2)(c) -

(a) Is féidir sampláil a úsáid mar cheann des na modhanna, go gcaithfidh ionannas a bheith idir é agus nochtadh pearsanta an fhostaí don tonnchrith mheicniúil, atá i gceist; leis na modhanna agus an trealamh in úsáid, curtha in oiriúint do thréithe ar leith den tonnchrith mheicniúil ata le tomhas, do réir Chaighdeán EIC 5349-2 (2001), agus

(b) I gcás uirlisí gur gá an dá láimh chun breith orthu -

(i) déanfar tomhas ar gach láimh,

(ii) déanfar an nochtadh a thomhas trí thagairt a dhéanamh don luach is airde den dá cheann acu, agus

(iii) tabharfar eolas don láimh eile, freisin.

3. Tátal

Beidh Rialúchán 5(3)(d) i bhfeidhm go háirithe nuair a bhíonn tonnchrith meicniúil ag cur isteach ar an láimhseáil cheart den stiúir nó na comharthaí léamh.

4. Riosca indíreacha

Beidh Rialúchán 5(3)(d) i bhfeidhm, go háirithe, nuair a bhíonn an tonnchrith meicniúil ag cur isteach ar sheasmhacht na struchtúr nó ar shábháilteacht na n-alt.

5. Cosantóirí Indibhidiúla

D'fhéadfadh trealamh cosanta pearsanta in aghaidh thonnchrith lámh-uillinn, cur leis an gclár slite, luaite i Rialúchán 6(2).

Cuid a 2

TONNCHRITH CHOIRP-IOMLÁIN

1. Measúnú Nochtadh

Tá an measúnú den leibhéal nochtadh do thonnchrith, bunaithe ar an nochtadh laethúil A(8) a chomhaireamh, ráite mar luasghéarú leanúnach ionann, thar thréimhse ocht n-uaire a' chloig, a deánadh a ríomhadh mar an luach (rms) is airde, deimhnithe ar thrí aiseanna ortagonalacha ($1{,}4a_{wx}$, $1.4a_{wy}$, a_{wx} do fhostaí ina shuí nó in sheasamh) do réir Caibidil 5, 6 agus 7, Annex A agus annex B do EIC Caighdeán 2631-1 (1997).

D'fhéadfaí an measúnacht den leibhéal nochtadh a dhéanamh ar bhonn mheastacháin, bunaithe ar eolas curtha ar fáil ag na déantóirí, i dtaobh an astúcháin ón dtrealamh oibre a úsáideadh, agus bunaithe ar mhodhanna oibre ar leith nó ar thomhas.

I gcás loingeas mhara, ní gá ach tonn-chreathanna a sháraíonn minicíocht 1 Hz a chur san áireamh.

2. Tomhas

Nuair déantar tomhas do réir Rialúchán 4(2)(c), is ceadaithe sampláil d' úsáid mar ceann des na modhanna, a chaithfidh a bheith cosúil le nochtadh pearsanta an fhostaí des an tonn-creathanna meicniúla i gceist. Caithfear na modhanna agus an trealamh a úsáidtear a chur in oiriúint dos na tréithe ar leith den tonnchrith mheicniúil le húsáid dos na tosca sa timpeallacht agus dos na tréithe den trealamh tomhais, do réir an EIC Caighdeán 2631-1 (1997).

3. Tátal

Is é Rialúchán 5 (3)(d) a bheidh i bhfeidhm, go háirithe in áit go bhfuil an tonnchrith mheicniúil ag teacht salach ar an láimhseáil cheart des na stiúir nó an léamh des na treoir.

4. Riosca Indíreacha

Is é Rialúchán 5(3)(9) a bheidh i bhfeidhm, go háirithe, nuair a thagann an tonnchrith mheicniúil salach ar bhuan-seasmhacht na struchtúr nó sábháilteacht na n-alt.

5. Fadú den nochtadh

Beidh Rialúchán 5 (3)(9), i bhfeidhm, go háirithe, de bharr an saghas oibre, go dtéann úsáid nó n-áiseanna sosa faoi chúram an fhostóra chun maitheasa an fhostaí, caithfear nochtadh do thonnchrith corp-iomlán, ins na háiseanna úd, a laghdú úsáide, ach amháin i gcásanna de " force majeure".

TUGTHA faoi mo láimh,

Ar an 13ú Iúil 2006

_____

Tony Killeen

Aire Stáit sa

Roinn Fiontar

Trádála agus Fostaíochta

MEAMRAM MÍNITHE

(Níl an nóta seo mar chuid den ráiteas agus níl stádas dlí ag dul leis)

Is é aidhm na Rialúchán seo ná chun Treoir 2002/44/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhaire de 25 Meitheamh 2002 a chur taoibh leis na h-íos- riachtanais sláinte agus sábháilteachta, i dtaoibh nochtadh na n-oibrithe do rioscaí de bharr gléasanna fisiciúla (tonnchrith), an séú Treoir déag indibhidiúil, laistigh de bhrí an Achta 16 (1) de Threoir 89/391/CEE, 12 Meitheamh 1989 (O.J. Uimh. L 177, 6.7. 2002, l. 13)

Tá na Rialúcháin seo ag leagan amach na slite ata le tógáil chun na fostóirí a chosaint os na rioscaí os na tonn-chreathanna de bharr na dtorthaí a bhíonn acu ar shláinte agus ar shábháilteacht, go háirithe ar struchtúr na matán/cnámha agus ar na mí-ordaithe inchinne agus sna féitheacha. Déanann na slite seo ios-bhonn cosanta, dos na fostaithe go léir, laistigh de theorainn an Achta 2005, de Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Láthair Oibre.

Na Rialúcháin, i measc rudaí eile -

(i) leagadar síos luacha níos ísle don luach gnímh laethúil nó don luach theorann nochtadh laethúil do thonnchrith (Rialúchán 4),

(ii) In áit go bhfuil baol go mbeadh na fostaithe nochtadh do thonnchrith meicniúil, beidh ar an bhfostóir, measúnacht des na rioscaí a dhéanamh (Rialúchán 5),

(iii) tá ar an bhfostóir, go bhfuil na fostaithe nochtadh do riosca ó thonnchrith mheicniúil, eolas, treoracha agus traenáil oiriúnach a chur ar fáil dóibh (Rialúchán 7),

(iv) faire sláinte oiriúnach a chur ar fáil do fhostaithe, aitheanta mar dhaoine go bhfuil gá acu leis ó dhuine proifisiúnta i gcúrsa sláinte agus cúram san láthair oibre. (Rialúchán 8),

(v) idir- thréimhsí a chur ar fáil i gcásanna teoranta áirithe (Rialúchán 9),

(vi) a leagadh síos, i gcás iompar farraige agus aeir, go bhfuil foráil déanta, do dhíolúine cearta, córa, i gcásanna áirithe, (Rialúchán 10), agus

(vii) Ceadaíonn sé do Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, díolúine a thabhairt do dhuine ar bith nó do dhream ar bith, mar a bhíonn an nochtadh do fhostaí do thonnchrith mheicniúil níos ísle, de ghnáth, ná an luach ghnímh nochtadh, ach a fhéadfadh, ó am go ham an luach theorann nochtadh a shárú (Rialúchán 10).

Praghas: €3.05